# Plean Gaeilge

# Scoil Naomh Laoibhse de Marillac, Baile Fhormaid, Baile Ath Cliath 10

**<u>Réamhráiteas</u>**

**(a) Conas a cuireadh an plean le chéile agus cé bhí páirteach ann?**
Cuireadh an phlean le chéile i mí Bealtaine.

**<u>Cé?</u>**
Comhoibriú idir an Príomhoide agus na múinteoirí agus na tuismitheoirí go leír i Scoil Naomh Laoibhse.
**<u>Cathain?</u>**
Tar éis laethanta inseirbhíse, shocraigh foireann na scoile seo an plean seo a chur le chéile, le cabhair ó chuiditheoir ar dtús. Nuair a tháinig an dá scoil le chéile mar scoil amháin, chuireamar an dá plean le chéile agus tá forbairt tagtha ar an bplean de bharr an phroiséis sin.
**<u>Conas?</u>**
Comhoibriú agus gach duine aontaithe leis an bplean seo a chur le chéile.
**<u>Cén fáth?</u>**
Chun cumas cumarsáide na bpáistí a fhorbairt agus freisin is mian linn leanúnachas na teanga a chur i bhfeidhm ó rang go rang.

**(b) Cén fáth go bhfuil gá leis an bplean seo?**

Tá gá leis an bplean seo:
- chun an curaclam a chur in oiriúint d'ár scoil agus a chur i bhfeidhm.
- chun go mbeidh leanúnachas agus forbairt ó rang go rang tríd an scoil.
- chun chomhthéacs a chruthú d'úsaíd na teanga agus chun dearcadh dearfach a chothú i dtreo Gaeilge sa scoil.
- Ionas go mbeibh a fhios ag gach duine cad atá ar siúil tríd an scoil.
- Mar áis scoile le haghaidh múinteoirí nua / ionadaithe.
- Chun go mbeidh treoir cinnte againn i múineadh agus in úsáid na Gaeilge.

**(a) <u>Aidhmeanna</u>**

Is mian linn na haidhmeanna seo a bhaint amach:

- Gaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir i rith an lae
- Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú
- Taitneamh agus pléisiúr a bhaint as foghlaim na Gaeilge
- Cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a fhorbairt agus muinín chun an Ghaeilge a úsaíd a chothú
- Éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite
- Feasacht teanga agus feasacht cultúr a chothú
- Muinín a bheith ag an bpáiste an Ghaeilge a úsáid.

- Go mbeadh 'Gaeilge beo' sa scoil réadúil, ag baint le saol an pháiste.

## (b) Fís – An plean i gcomhthéacs na scoile seo

Tá dearcadh dearfach ag na múinteoirí i dtreo na Gaeilge sa scoil seo. Tá roinnt páiste le éagsúlacht cumais agus páistí ó chultúrtha eile sa scoil. Níl dearcadh dearfach nó cumas ag cuid de na tuismitheoirí i dtreo na Gaeilge sa timpeallacht seo.

Tá i gceist againn suim na bpáistí sa Ghaeilge a spreagadh. Athnímid go bhfuil easpa scileanna cumarsáide ag formhór na bpáistí inár scoil. Táimid chun an taithí agus na scileanna atá againn ag múineadh an Bhéarla a úsáid i múineadh na Gaeilge freisin.

Chun suim na dtuismitheoirí a spreagadh tá i gceist againn 'Frása na Míosa' a úsaíd. Tá í gceist againn deis a thabhairt do na tuismitheoírí na páistí a fheiceáil ag úsáid na Gaeilge go taitneamhach i rith 'Seachtain na Gaeilge'
m.sh: rannta, amhráin, cluichí a imirt agus a rá.

## (c) Ábhar an Phlean

### 1. Curaclam na Gaeilge
### 1.1 Cur Chuige Cumarsáideach

Cuirtear béim ar an gcumarsáid sa scoil seo. Tuigimid sa scoil seo go bfhuil trí thréimhse i ngach ceacht Gaeilge:

- An Tréimhse Réamhchumarsáide
- An Tréimhse Cumarsáide
- An Tréimhse Iarchumarsáide

Bainimid úsáid as cluiche teanga, cómhra beirte, drámaíocht agus Gaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil timpeall na scoile chun feabhas a chur ar labhairt na Gaeilge.

### 1.2 Feidhmeanna Teanga

Catagóir:

- Caidreamh sóisialta a dhéanamh
- Soiléiriú a lorg i gcomhrá
- Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Eolas a thabhairt agus a lorg
- Structúr a chur ar chomhrá

Is é an tuiscint atá ag foireann na scoile ar feidhmeanna teanga ná úsáid na teanga chun cuspóir cumarsáide a chomhlíonadh. Sa scoil seo tá liosta d'eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga le feiceáil i ngach seomra ranga.

**(Féach ar Augisín1: Feidhmeanna Teanga)**

### 1.3 Comhtháthú na Snáitheanna

Tarlaíonn sé go nádúrtha go bhfuil na snáitheanna fite fuaite lena chéile. Tá béim ar labhairt ach go háirithe. Cuirimid béim ar labhairt agus éisteacht sula ndéanaimid léitheoireacht agus scriobhneoireacht.

### 1.4 Éisteacht

- go neamhfhoirmiúil i rith an lae; go foirmiúil i rith ceachta (m.sh. rannta, éist agus tarraing, dánta, srl)

### 1.5 Labhairt

- go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae go foirmiúil sa cheacht (m. sh. cluiche teanga, scéalaíocht, ról- ghlacadh, srl )

### 1.6 Léitheoireacht

- ullmhúcháin don léitheoireacht (m.sh. rannta, pictiúrleabhair, prionta Gaeilge sa timpeallacht – ar na ballaí, lipéid ar rudaí airithe, fógraí do na páistí, ullmhúcháin don léitheoireacht: naíonáin bheaga – Rang 2.
    - Tús na léitheoireachta fhoirmiúil: nuair a bhíonn bonn maith faoi chumas tuisceana agus cainte an pháiste. De ghnáth ní thosofar roimh rang 2. Scileanna léitheoireachta a fhorbairt: téacsanna agus tascanna léitheoireacht scéalta sna leabhair atá in úsáid, dánta, amhráin, cur abairtí in ord, léigh agus tarraing pictiúr, srl.

### 1.7 Scríbhneoireacht

- Tús na scríbhneoireachta – nuair a bheidh bunús maith faoi thuiscint agus faoi labhairt na teanga. De ghnáth cuirfear tús leis an scríbhneoireacht i rang 2. Tascanna scríobhneoireachta: ailt, scéalta, litir, cárta poist, srl.

### 1.8 Téamaí, Stráiteis agus Módhanna Múinte

**Téamaí:**

Is comhthéacs iad na téamaí seo chun na feidhmeanna teanga a mhúineadh. Beidh an ábhar teagasc bunaithe ar an teamaí ionas go mbeadh nasc idir an fhoghlaim agus saol laethúil an pháiste. Ní miste don mhúinteoir topaicí a roghnú as na téamaí agus iad a leathnú amach chun ábhar atá speisiúl don pháiste a úsáid:

Mé féin, Sa Bhaile, An Scoil, Bia, An Téilifís, Siopadóireacht, Caitheamh Aimsire, Éadaí, An Aimsir, Ócáidí Speisíalta.

Is iad na sé **módhanna** is éifeachtaí a úsáidtear ná:

- An módh díreach – m.sh. seo ríomhaire
- Módh na sraithe – m.sh. D'eirigh mé ar maidin, Ghlan mé mo fhiacla.
- Módh na lánfhreagartha gníomhaí – Éist & dean: cuir suas do lámh.
- An módh closabhartha – m. sh. Éisteacht le nuacht, cluiche biongó.
- An módh closamhairc- m. sh. Deilbhíní, físeáin, pictúir.
- Módh na ráite – m. sh. Is mise Tomás....abair é (agus agallamh ar siúl)/ Is maith liom úll ... abair é.

Is iad seo leanas na **stráitéisí** is coitianta a úsáidtear:

- Agallaimh mar ionchur d'imirt i rólanna
- Cluichí teanga
- Tascanna agus fadhbanna
- Druileanna
- Dramaíocht
- Fiseáin
- Scéalaíocht
- Filíocht: rannta, dánta, amhráin, rabhlóga, tomhais
- Agallamh (comhrá beirte)
- Seanfhocail
- Scéalaíocht

## 1.9 <u>Gaeilge Neamhfhoirmiúil – úsáid na Gaeilge i rith an lae:</u>

Déanfaimid iarracht sa scoil seo an Ghaeilge a úsáid:

- Chomh minic agus is féidir, ar maidin, i rith an lae, am paidreacha, am rolla, ag am lóin, ag dul abhaile, sa halla, sa chlós
- Teachtaireachtaí
- Bainistíocht ranga
- Prionta sa timpeallacht – fógraí, comharthaí, abairtí

Beidh 'Frasaí na Míosa' á úsáid chomh maith. Beidh an frása chéanna in úsáid i ngach rang ar feadh míosa. Beidh sé le feiscint i scríbhneoireacht ó rang a dó ar aghaidh. Beidh na páistí ag múineadh an frása sin dá dtuismitheoirí/caomhnóirí. Usádaimíd blog na scoile chun an frása a chur i bhfeidhm.

**(Féach Augisín2)**

## 1.10 Tús na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta

Cuirfear tús leis an léitheoireacht agus scríbhneoireacht go foirmiúil i Rang a Dó. Beidh clár cuimsitheach réamhléitheoireachta agus scríbhneoireachta á leanúint. **(Féach Augisín 3 – 7)**

**a) Tús na léitheoireachta: Rang 2**

**1. Ag cothú spéise:**

- An múinteoir ag léamh os ard: léitheoireacht a shamhlú mar dhea-léitheoir ag léamh scéalta agus dánta tarraingteachta
- Nuacht phearsanta mar scéal – bunaithe ar theanga na bpáistí
- Leabhair mhóra (gan aon rud scríofa)
- Srachfheachaint ó am go ham ar réimse leathan d'ábhar léitheoireachta
- Clár cuimsitheach réamhléitheoireachta a leanúint.
- Taithí a fháil ar an bhfocal scríofa sa timpeallacht, go háirithe sa seomra ranga, agus é a leámh go tuisceanach, trí fógraí, lipéid, anim an pháiste
- An ceangal ata idir litreacha agus fuaimeanna na Gaeilge a aithint
- Fogar luach na litreacha

(a) na consain "I Spy" Cuid de (b) Gutaí ............. a e i o u
cuid de (C) Gutaí ............. á é í ó ú

**2. Ag Tuiscint Teanga**

- A thuiscint gur gíomhaíocht í an léitheoireacht ar féidir í a roinnt le daoine eile.
- Stór de ghnáthfhocail inléite a chur le chéile óna t(h)aithí ar theács sa timpeallacht agus ar leabhair.
- Focail a aithint trí leideanna a úsáid.
- A bhfuil á léamh aici a thuiscint.

**3. Ag Úsáid Teanga**

- Leabhair mhóra: Léitheoireacht a chleachtadh trí leabhair mhóra a leámh in éineacht leis an múinteoir.
- Léitheoireacht fheidhmiúil a dhéanamh i gcluichí léitheoireachta.
- Léigh agus tarraing m.sh *Tá an cat dubh faoin mbord.*
- Dánnta, rannta, amhráin ata ar eolas.

**(b) Scríbhneoireacht – Tús Na Scríbhneoireachta**

Rang a dó

**1. Ag Cothú Spéise**

- Taitneamh a bhaint as gníomhaíochtaí oiriúnacha scríbhneoireachta a chothaíonn féinmhuinín

- Taithí a fháil ar atmaisféar ranga a léiríonn meas ar an bhfocal scríofa agus a thugann luach do dhea-iarrachtaí scríbhneóireachta.
- Aischothú dearfach a fháil ar obair phearsanta.

2. **<u>Ag Úsáid Teanga</u>**

- An múinteoir a fheicéail ag scríobh agus í/é ag baint sásaimh as
- Cabhair a lorg ón múinteoir
- Lipéid, comharthaí agus fógraí a chóipéail agus a scríobh
- A hainm féin a scríobh
- Pictúir a tharraingt de rudaí a thaitníonn ó nach dtaitníonn léi agus lipéid a chur orthu
- Pictúir a tharraingt a léiríonn mothúcháin agus lipéid a chur leo
- Liosta focal a scríobh
- Abairtí a chóipéail, a iomlánú agus a scríobh
- Abairtí simplí aonair a scríobh
- Scríobh faoi phictúir
- Cleachtaí peannaireachta a dhéanamh.

### 1.11 <u>Filíocht</u>

**<u>Filíocht Naíonáin Shóisearacha agus Naíonáin Shinsearacha</u>**

- Straitéisí
- Geatsaíocht
- Mím / Drámaíocht
- Réamhobair (foclóir)
- Ceisteanna
- Ealaín
- Éisteacht le téipeanna agus le dlúthcheirnín
- Rannta le hathrá agus le haithris
- Rímeanna
- Dánta faoin ábhar éagsúla
- Rithim a aithris (ag bualadh bos)
- Tríocha in aghaidh na bliaina
- Bunaithe ar théamaí (Bua na Cainte)

**<u>Fearas</u>**

- Bua na Cainte
- Puipéid /puipéid láimhe

**Rang 1 - Rang 6**

Stráitéisí

Rithim a bhualadh amach

- Athrá agus aithris
- Pictiúr a dhearcadh
- Dráma nó mím a chruthú

**Cnuasach Fhilíochta**

Cinn as "Bua na Cainte" agus dánta eile oiriúnacha.

**1.12 Drámaíocht agus Agallaimh:**

- Comhrá beirte
- Bunaithe ar na téamaí sa churaclam
- Bunaithe ar ghnáth shaol na daltaí
- Bunaithe ar fhilíocht
- Drámaí Breise – bunaithe ar "Bua na Cainte" – nó drámaí simplí eile ón leabhar, m.sh. Tomas na hOrdóige i "Scéalta Eile" le Nóirin Ní Nuadhán
- Drámaí bunaithe ar giotaí ó Bun Go Barr, Maith Thú, Craic le Litriú srl.

**Rang 1 agus Rang 2**

- Agallaimh idir beirt nó triúr níos fusa sna ranganna seo.
- Bunaithe ar na teamaí sa churaclam nua
- Bunaithe ar ghnáth shaol na daltaí

**Rang 3 - Rang 6**

**Éisteacht:**

- dánta
- scéalta
- amhráin
- sceitsí/dramaí
- rabhlóga
- cluichí teanga a éilionn éisteacht agus tuiscint agus gníomhaíochtaí simplí, mar shampla;
- ag éisteacht agus ag aitint/taispeáint
- ag éisteacht agus ag aimsiú
- ag éisteacht agus ag meatséail
- ag éisteacht agus ag dathú
- ag éisteacht agus ag tarraing pictiúr
- ag éisteacht agus ag leanúint treoracha
- ag éisteacht agus ag déanamh míme
- ag éisteacht agus ag freagairt –'tráth na gceisteanna'
- ag éisteacht agus ag clarú le tic
- ag éisteacht agus ag breacadh nótaí

- ag éisteacht agus ag déanamh gníomharta a bhaineann leis na céadfaí agus na mothúcháin

**Labhairt**

- dánta
- scéalta
- amhráin
- rólghlacadh/sceitsí/drámaí
- nuacht
- ag cumadh abairtí
- Cluichí teanga agus gníomhaíochtaí simplí a éilíonn labhairt fheidhmiúil mar shampla:
- ag aithint/taispeáint agus ag labhairt
- ag aimsiú agus ag labhairt
- ag meatseail agus ag labhairt
- ag ghíomhú agus ag labhairt
- ag liostú
- ag tabhairt cuntas ar phictiúr mar shampla 'Aimsigh na Difríochtaí'
- ag cur agus ag freagairt ceisteanna
- ag tabhairt treoracha
- focail frothchiallach
- cluichí boird
- tomhais
- rabhlóga
- cleachtaí teanga agus fograíochta a chabhraíonn leis an liofacht
- beannachtaí
- gramadach
- logainmneacha

**Léitheoireacht:**

Cluiche teanga a éilíonn léitheoireacht fheidhmiúil mar shampla;

- ag léamh agus ag meaitseáil
- ag léamh agus ag déanamh mime
- ag léamh agus ag dathú
- ag léamh agus ag tarraing pictiúr
- ag léamh agus ag insint
- ag léamh agus ag tomhais puzail
- ag léamh agus ag leanúint treoracha
- ag léamh agus ag clarú eolais
- cluichí boird

Ábhar leathan léitheoireachta mar shampla:

- scéalta
- dánta
- páipéir ghrinn
- biachláir
- amchlár
- cláir do chluichí/dhramaí

- cártaí breithlá
- cuireadh do chóisir
- póstaeir
- fógraí
- comhairthí bóthair

Na fuaimeanna a dhéanann litreacha

**<u>Scríbhneoireacht:</u>**

Cleachtaí peannaireachta mar shampla:

- focail
- abairtí
- liostaí focail
- lion na bearnaí, mar shampla:
- - Abairtí á n-iomlanú
- - téacsanna á n-iomlanú
- nuacht shimplí
- dialanna

Scríbhneoireacht fheidhmiúil mar shampla:

- -cartaí d'ócaidí speisialta
- -cuirí
- puzail agus cluichí focal
- bolgain chainte i gcartúin á líonadh isteach
- focail á chur in abairtí
- abairtí spraoi á gcumadh
- abairtí aonair agus cuntais níos faide a scríobh faoi phictiúr
- focail cháilithe á n-úsáid
- abairtí simplí á gceangal le chéile
- freagraí á scriobh ar cheisteanna ar ábhar na léitheoireachta
- cleachtaí a bhaineann le cur síos a dhéanamh céim ar chéim
- cleachtaí poncaíochta
- cleachtaí foghraíochta agus litrithe
- scéalta

## 2. <u>Pleanáil Eagraíochta</u>

### 2.1 Pleanáil an Mhuinteora:

Scéim coicíse, pleanáil fadthéarmach agus pleanáil gearrthéarmach.
Scéim teárma/ bliana
Cúntas míosúil ag deireadh gach mí

### 2.2 <u>Áiseanna:</u>

**(Feach Augisín 8)**

Bainimid úsáid as an téascleabhar "Bua na Cainte" sna ranganna go léir

Luaschartaí
Riomhairí
Bréagáin agus bosca éadaí samhlaíochta i gcomhair imirt i rólanna.

**2.3 Éagsúlacht Cumais:**

Sa scoil seo déanfaimíd iarracht freastal ar éagsúlacht cumais na bpáistí trí éagsúlacht na módhanna múinte agus na straitéisí. Glacann gach páiste sa scoil páirt sa cheacht Gaeilge.

**2.4 Comhthathú le hÁbhair eile:**

Deánfaimid gach iarracht roinnt Gaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir in ábhair difriúla í rith na bliana, m.sh. amhráin sa cheol, sa chorpoideachas m.sh. cluichí, damhsa, san Ealaín, sa Stair agus sa Tíreolaíocht, drámaíocht trí Ghaeilge, matamatic m.sh. uimhreas agus áireamh.

**2.5 Measúnú**

Is fiú measúnú leanúnach a dhéanamh ar na scileanna teanga go léir ionas go mbeidh an múinteoir in ann pleanáil cuí a dhéanamh. Seo iad na huirlisí a bheidh in úsáid againn:

- Liosta na bhFeidhmeanna Teanga ar an mballa i seomra ranga – an bhfuil na páistí in ann iad a úsáid i gcomhthéacsanna difriúla, faoi topaicí eile?
- Dírbhreathnú an mhúinteora.
- Treoracha a leanúint
- Tascanna agus trialacha déanta ag an múinteoir. Páirt a ghlacadh sa cluiche.
- Bailuíchán d'obair agus do thionscadail an pháiste, fuíoll leabhair.
- Scrúdaithe
- Ábhair éagsúla m.sh. Nollaig, bia, éadaí, srl a aithint agus ainmniú.

**2.6 Forbairt Foirne**

- Cruinniú múinteóirí í ngrúpaí beaga i rith na bliana.
- Freastail ar cúrsá inseirbhíse curtha ar siúl ón Roinn Oideachais ó am go ham

**2.7 Tuismitheoirí agus an Ghaeilge:**

Sa cheantar seo níl mórán Gaeilge taobh amuigh den scoil agus níl mórán Gaeilge ag na páistí agus na tuismithéoirí sula dtagann said ar scoil. Is féidir cabhair a thabhairt dóibh siúd a bhfuil fonn orthu m. sh. rannta /dánta / frásaí na míosa a chur abhaile ó am go chéile. Dá mbeadh suim ann, d'fhéadfadh an múinteoir HSCL cúrsaí Gaeilge a chur ar siúl do thuismitheoirí. Tá grúpa i mBaile an Fhormaid darb ainm Coiste Bhaile Thormaid agus eagraíonn said imeachtaí difrúila i rith Seachtain na Gaeilge sa cheantar. Glacann an scoil páirt gach bhliain.

**2.8 Comhionnas**

- Níl éagsúlacht idir na torthaí a bhaineann buachaillí agus caillíní amach sa Ghaeilge sna Naíonáin

- Níl eágsulacht ann ó thaobh dearcadh de.
- Leanann páistí o chultúir éagsúla an curaclam céanna is a dhéanann na páistí eile.
- Is féidir liosta d'abairti agus focail simplí a thabhairt do na thuismitheoirí i rith Seachtain na Gaeilge. Is féidir leo iad a chleachtadh lena bpáistí féin.

**Critéir Rathúlachta (lena mdeanfar an polasaí a mheas)**

- Pleanáil na múinteoirí bunaithe ar an bplean
- An plean curtha i bhfeidhm i ngach rang
- Aiseolas maith ó na muinteóirí, tuismitheoirí agus daltaí.

**Cur i bhfeidhm**

**(a) Rólanna agus freagracht:**
Na múinteoirí go léir agus an Príomhoide

**(b) Spriochdhátaí leis an bplean a chur i bfeidhm**
Á dhéanamh cheana féin.

**Athbhreithniú**

**(a) Rólanna agus freagracht**: Rólanna na múinteoirí go léir agus an Príomhoide – Tá ról speisialta ag múinteoir amháin i bhfeighil athbhreithniú agus fearas.

**(b) Spriochdháta don athbhreithniú**
Gach bliain sa tréimhse deireannach. Athbhreithniú iomlán arís i 2025 nó níos luaithe má tá gá leis.

**Daingniú agus Cumarsáid**
Cuireadh an plean seo in oiriúint ag Bord Bainistíochta na scoile seo ag cruinniú an Bhoird ar an 5ú Iúil 2022.
Scaipeadh an plean seo do na múinteoirí agus do Bhord Bainistíochta. Tá an plean le fail san oifig agus leabharlann na múinteoirí d'éinne is mian leis / léi é a léamh. Tá sé le fail ar an suíomh gréasáin www.stlouisesprimaryschool.ie.

**Siniú:** Dr G. Berry
**(Cathaoirleach, Bord Bainistíochta)**

**Dáta: 5/07/2022**